GAELCHOLÁISTE REACHRANN

Bóthar Mhainistir na Gráinsí
Domhnach Míde,
Baile Átha Cliath 13.
Uimhir Rolla na Scoile: 76085N

Plean Feabhsúcháin Scoile

Márta 2014.

1. Achoimre ar na príomhláidreachtaí mar a aithníodh sa Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile is deireanaí ar an 18ú Márta, 2014.

- Tá formhór na ndaltaí ag gnóthú torthaí os cionn an mheáin náisiúnta sna scrúduithe stáit agus sna measúnuithe caighdeánacha.

- Tá cur chuige láidir foirne againn maidir le comhoibriú sna rannóga ábhair.

- Tá tuiscint maith ag na múinteoirí agus meon dearfach acu i leith modhanna múinteoireachta atá éifeachtach agus i leith dea-chleachtais a chur chun cinn.

- Tá áiseanna maithe teicneolaíochta ar fáil sa scoil agus tá na múinteoirí oilte agus ardchaighdeán acu leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht.

- Tá tacaíocht láidir againn ó thuismitheoirí / chaomhnóirí na scoile.

- Tá daltaí na scoile dearfach, gníomhach agus tá dúil acu deiseanna a ghlacadh chun an fhorbairt phearsanta, chognaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.

2. Achoimre ar na príomh-réimsí ar ghá a fheabhsú mar a aithníodh sa Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile is deireanaí ar an 18ú Márta, 2014.

- Feasacht agus cumas na ndaltaí maidir le scileanna foghlama, staidéir agus eagrúcháin a fhorbairt.
- Líon na ndaltaí a thugann faoi chúrsaí ardleibhéil sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht a mhéadú.
- Tacaíocht breise a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama acu agus dóibh siúd nach bhfuil ag gnóthú torthaí ag/os cionn an mheáin náisiúnta.
- Forbairt ghairmiúil leanúnach a eagrú don fhoireann theagaisc ar mhodhanna múinteoireachta, ar scileanna foghlama agus uimhearthachta agus ar an bhfoghlaim chomhoibritheach.
- Stádas na matamaitice agus scileanna uimhearthachta na ndaltaí a láidriú le dearcadh níos dearfaí a chothú agus a fhorbairt.

Tar éis don fhoireann machnamh agus plé a dhéanamh thógamar cinneadh na straitéis thíosluaite a chur i bhfeidhm le Bliain a haon 2014/2015.

Téama	Spriocanna Feabhsúcháin	Gníomhartha Riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama	Critéir ratha	Dáta athbhreithnithe
Torthaí foghlama	Ag méadú chéatadán na ndaltaí a dhéanann an páipéar AL Mata sa TS ó 57% go 60% faoi dheireadh bhliain 1, 63% faoi bhliain 2 agus 66% faoi dheireadh bhliain 3	Múinteoirí Mata le plean 10 ranganna a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le bunscileanna uimhearthachta na ndaltaí a fheabhsú	Múinteoirí Mata	Cuirfear an plean i bhfeidhm ag tús na scoilbhliana le daltaí Bliain 1.	Céatadáin níos airde ag déanamh Ardleibhéil agus feabhas ar thorthaí na ndaltaí	Márta 2015-Meán Fómhair 2015
		Múinteoirí Mata le plean a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le 'úsáid an áireamháin' a fheabhsú	Múinteoirí Mata			
		Seachtain Uimhearthacht don scoil ar fad: cluichí bainteach le uimhearthacht sna hábhair éagsúla, comórtais, srl. le dearcadh na ndaltaí i leith na huimhearthachta a fheabhsú	Coiste Uimhearthacht + Gach múinteoir ábhair	2/3 uair in aghaidh na bliana. Le socrú ag an gCoiste Uimhearthachta		

Téama	Spriocanna Feabhsúcháin	Gníomhartha Riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama	Critéir ratha	Dáta athbhreithnithe
Torthaí foghlama	Ag méadú céatadáin na ndaltaí a fhaigheann Grád A, B, C & D sa scrúdú ar bhunscileanna uimhearthachta ó x% go (x +10)% faoi dheireadh bhliain 1, (x+15)% faoi bhliain 2 agus (x+ 20)% faoi dheireadh bhliain 3	Múinteoirí Mata le plean 10 ranganna a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le bunscileanna uimhearthachta na ndaltaí a fheabhsú + An plean seo a chur faoi bhráid na foirne le cinntiú go bhfuil siad beo ar na bunscileanna san uimhearthacht agus go bhfuil an modh céanna in úsáid ag gach duine Póstaeir a dhearadh leis na bunscileanna cuí orthu. Múinteoirí Mata le seicliosta a chur le chéile leis na botúin choitianta a dhéantar san uimhearthacht agus tabhairt faoi na botúin seo sna ranganna	Múinteoirí Mata Múinteoirí ábhair Múinteoirí ábhair	Cuirfear an plean i bhfeidhm ag tús gach scoilbhliain le daltaí Bliain 1.	Feabhas mór ar chaighdeán uimhearthachta na ndaltaí agus deireadh le botúin simplí, coitianta sna bunscileanna	Márta 2015

		+ An seicliosta seo a chur faoi bhráid na foirne le cinntiú go bhfuil siad beo air agus ar an modh chun na botúin a cheartú Tabharfaidh gach rannóg ábhair faoin bpleanáil uimhearthachta & díreofar ar bhunscileanna san uimhearthacht mar chuid de na critéir ratha i ngach ábhar.		Meán Fómhair 2014		

Téama	Spriocanna Feabhsúcháin	Gníomhartha Riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama	Critéir ratha	Dáta athbhreithnithe
Torthaí foghlama	Ag méadú chéatadán na ndaltaí a fhaigheann buncheisteanna ar áireamháin i gceart ó 30% go 45% faoi dheireadh bhliain 1, 60% faoi bhliain 2 agus 75% faoi dheireadh bhliain 3	Múinteoirí Mata le plean a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le 'úsáid an áireamháin' a fheabhsú + An plean seo a chur faoi bhráid na foirne le cinntiú go bhfuil siad beo ar an modh leis an áireamhán a úsáid	Múinteoirí Mata & múinteoirí ábhair	Cuirfear an plean i bhfeidhm ag tús na scoilbhliana le daltaí Bliain 1.	Daltaí in ann an t-áireamhán a úsáid i gceart	Márta 2015
Eispéiris foghlama	Tá dearcadh dearfach ag 68% de dhaltaí bhliain 2 i leith na Matamaitice. Ardóimid é seo go dtí 80% thar tréimhse 3 bliana an PFS seo.	Seachtain Uimhearthachta don scoil ar fad: cluichí sna hábhair éagsúla, comórtais, srl. le dearcadh na ndaltaí i leith na huimhearthachta a fheabhsú Modhanna múinteoireachta, foghlaim phiarchuidithe & comhoibriú idir mhúinteoirí	Coiste Uimhearthachta + Gach múinteoir ábhar	2/3 uair in aghaidh na bliana. Le socrú ag an gCoiste Uimhearthachta	Beidh dearcadh níos dearfaí ag na daltaí i leith na matamaitice Forbairt ar féin-mhuinín na múinteoirí i leith na huimhearthachta	Márta 2015

Téama	Spriocanna Feabhsúcháin	Gníomhartha Riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama	Critéir ratha	Dáta athbhreithnithe
Eispéiris foghlama	Deir 32% de daltaí Bliain 2 go bhfuil an Mata éasca / an-éasca. Ardóimid é seo go dtí 50% thar tréimhse 3 bliana an PFS seo.	Seachtain Uimhearthachta don scoil ar fad: cluichí sna hábhair éagsúla, comórtais, srl. le dearcadh na ndaltaí i leith na huimhearthachta a fheabhsú Póstaeir a dhearadh leis na bunscileanna cuí orthu. Múinteoirí Mata le seicliosta a chur le chéile leis na botúin choitianta a dhéantar san uimhearthacht agus tabhairt faoi na botúin seo sna ranganna + An seicliosta seo a chur faoi bhráid na foirne le cinntiú go bhfuil siad beo air agus ar an modh chun na botúin a cheartú	Coiste Uimhearthachta + Gach múinteoir ábhar Múinteoirí ábhair	2/3 uair in aghaidh na bliana. Le socrú ag an gCoiste Uimhearthachta	Dearcadh níos dearfaí ag na daltaí i leith na huimhearthachta agus tiocfaidh feabhas ar an gcaighdeán uimhearthachta atá acu	Márta 2015

		Tabharfaidh gach rannóg ábhair faoin bpleanáil uimhearthachta & díreofar ar bhunscileanna san uimhearthacht mar chuid de na critéir ratha i ngach ábhar.			Feabhas mór ar chaighdeán uimhearthachta na ndaltaí agus deireadh leis na botúin choitianta	

Téama	Spriocanna Feabhsúcháin	Gníomhartha Riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama	Critéir ratha	Dáta athbhreithnithe
Eispéiris foghlama	Ardóimid líon na ndaltaí a deir go gcabhraíonn an obair phéire (41%) / ghrúpa (48%) leo go dtí 75% thar tréimhse 3 bliana an PFS seo.	Ardóimid an líon ama a chaitheann na múinteoirí ar obair i ngrúpaí / péire Modhanna múinteoireachta, foghlaim phiarchuidithe, comhoibriú idir mhúinteoirí le dea-chleachtais a chothú agus a fhorbairt.	Gach múinteoir	Meán Fómhair 2014 – Bealtaine 2015	Feabhas ar an tuiscint i leith na huimhearthachta & de bharr seo tiocfaidh feabhas ar an gcaighdeáin uimhearthachta	Márta 2015
Eispéiris foghlama	Measúnú chun Foghlama	Cuspóirí ceachta a thabhairt do na daltaí ag tús ranga Critéir leis na spriocanna a bhaint amach Ceistiú éifeachtach Aiseolas bunaithe ar na critéir atá leagtha amach Foghlaim phiarchuidithe	Gach múinteoir		Feabhas mór ar an tuiscint atá ag na daltaí ar an uimhearthacht	Márta 2015

Téama	Spriocanna Feabhsúcháin	Gníomhartha Riachtanacha	Daoine atá freagrach	Fráma ama	Critéir ratha	Dáta athbhreithnithe
Cleachtas múinteoirí	Ardóimid an líon ama a chaitheann múinteoirí ábhair ar phleanáil agus ar mhúineadh na huimhearthachta ina ábhar féin	Tabharfaidh gach rannóg ábhair faoin bpleanáil uimhearthachta & díreofar ar bhunscileanna san uimhearthacht mar chuid de na critéir ratha i ngach ábhar. Cuirfear cúrsa ar fáil do na múinteoirí ábhar ag múinteoirí Mata ag tús gach scoilbhliain.	Gach múinteoir	Meán Fómhair 2014	Feabhas mór ar chaighdeán uimhearthachta na ndaltaí agus deireadh leis na botúin choitianta	Márta 2015
Cleachtas múinteoirí	Ardóimid an líon ama a chaitheann na múinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil go haonarach agus mar ghrúpa proifisiúnta	Níos mó cruinnithe ábhair Go nglacadh na múinteoirí leis an dualgas atá orthu an chaighdeán uimhearthachta atá acu féin a fhorbairt agus a fheabhsú	Príomhoide & Príomhoide Tánaisteach Gach múinteoir	2/3 uair in aghaidh na bliana	Obair foirne agus féin-mhuinín na múinteoirí a fheabhsú	Márta 2015

		Teicneolaíocht a úsáid le plé proifisiúnta idir mhúinteoirí (ar uimhearthacht) a chur chun cinn	Gach múinteoir	I rith na scoilbhliana 2014/2015		Márta 2015
Cleachtas múinteoirí	Aistriú sochair ón mbunscoil	Tuairisc ar dhaltaí ón mbunscoil Tuairisc ar dhaltaí ón SENO	Príomhoide	Meitheamh 2014	Múinteoirí eolach ar láidreachtaí agus laigeachtaí na ndaltaí & mar thoradh ar seo tacaíocht mar is cuí a thabhairt dóibh	Márta 2015